

An tSraith d'Ábhair Theicneolaíochta

Dúshlán Scoláirí - 18ú Bealtaine



Teicneolaíocht
Fheidhmeach



Innealtóireacht



Grafaic




Teicneolaíocht an
Adhmaid



Dúshlán Teicneolaíocht Fheidhmeach

Dúshlán 11



Is féidir le róbait tascanna a dhéanamh i réimsí ar nós na déantúsaíochta, i gcúram sláinte agus i bhfaireachas. Is minic a bhíonn róbait na linne seo ag brath ar chineál éigin d'intleacht shaorga (IS) leis na tascanna sin a dhéanamh.

1. Cad é an tuiscint atá agat ar IS agus an dóigh ar féidir léi feabhas a chur ar fheidhmiú róbait?
2. Is féidir le róbait cabhrú freisin chun tascanna a dhéanamh thart faoin teach. Déan samhail de róbait a d'fhéadfadh cabhrú leat nó le do theaghlach sa bhaile.

Naisc a d'fhéadfadh cabhrú chun an dúshlán seo a sháru:

Madra róbatach :<https://youtu.be/2DJmJkTvkA>

Glantóir róbatach:

<https://www.youtube.com/watch?v=VPNQxulK4mE>

Dúshlán 12



Oíche dhorcha amháin in 1933, bhí Piaras Seoighe ag tiomáint a chairr nuair a frithchaitheadh a cheannsoilse i súile cait ar thaobh an bhealaigh mhóir. Spreag an t-eispéireas sin é chun marcóirí bóthair frithchaitreacha a fhionnadh. Déanann an comhlacht Piaras Seoighe a bunaíodh in 1935 go fóill breis agus milliún 'Súile Cait' gach bliain.

1. Déan taighde ar bheirt aireagóirí de do rogha féin agus smaoinigh ar an tionchar dearfach a bhí ag a n-aireagáin ar an tsochaí.
2. Cruthaigh póstaer nó láithreoireacht chun torthaí do thaighde a thaispeáint ar na haireagóirí a roghnaigh tú.

Naisc a d'fhéadfadh cabhrú chun an dúshlán seo a sháru:

Bí spreagtha:


<https://www.jamesdysonfoundation.co.uk/resources/design-icons/catseyes.html>

Tuilleadh aireagán: <https://www.history.com/topics/inventions>



Dúshlán Innealtóireachta

Dúshlán 11



Is iondúil go bhfeictear nascáil mheicniúil in iliomad táirgí innealtóireachta. Ligeann nascáil mheicniúil do dhá chuid gluaiseacht go saorga ar dhóigh ar leith. Tugtar siúnta nó alt meicniúil ar an gceangal idir an nascáil.

Cruthaigh do ghabhálaí siosúr insínte féin ar féidir leis rudaí éagsúla a ardú. Déan **tástáil** ar an ngabhálaí siosúr insínte ar rudaí a bhfuil cruthanna, méideanna agus meáchain dhifriúla acu.

Naisc a d'fhéadfadh cabhrú chun an dúshlán seo a shárú:

Lean an [nasc](#) seo chun sampla bunúsach a fheiceáil de ghabhálaí siosúr insínte.

Breathnaigh an [físeán 2 nóiméad](#) seo chun nascálacha a fheiceáil a bhíonn in úsáid gach aon lá agus feidhm ón bhfíorshaol leo.

Dúshlán 12



Is iomaí freagracht a bhíonn ar innealtóir agus is scil bhunúsach é a bheith ábalta fadhbanna a réiteach. Is é atá i gceist le fadhbréiteach, fadhb a aithint, na príomhcheisteanna a thuiscint, agus réiteach simplí a aimsiú don fhadhb sin.

Aithin fadhb bheag sa bhaile agat nó sa gharraí agus **forbair** réiteach simplí ar an bhfadhb sin. Is féidir do réiteach a **léiriú** trí sceitse, fréamhshamhail nó míniúchán soiléir.

Naisc a d'fhéadfadh cabhrú chun an dúshlán seo a shárú:

Cliceáil ar an [nasc](#) seo chun níos mó eolais a fháil ar an gcaoi chun “Smaoineamh ar nós Innealtóra”.

Pléann Innealtóir [anseo](#) an tábhacht a bhaineann le “Fadhb a Shainiú”



Dúshlán Grafaice

Dúshlán 11



“The UEFA Europa Conference League will be the third UEFA club competition and run alongside both the UEFA Champions League and UEFA Europa League. It was first approved by the UEFA Executive Committee in December 2018. The competition is set to get under way in 2021/22 and run throughout the 2021–2024 cycle at least”
– www.uefa.com

Dear trófaí don chomórtas nua seo ag úsáid cruthanna ar tháinig tú orthu sa Ghrafaic.

Is féidir sceitse 3T, a dhéanamh de do réiteach, agus samhail in Tinkercad, más mian leat.

Naisc a d’fhéadfadh cabhrú chun an dúshlán seo a shárú:


Faighítear [anseo](#) dúshlán tosaigh simplí do Tinkercad.

Faighítear [anseo](#) buntreoir ar sholaid gheoiméadracha a ghrúpáil in Tinkercad.

Dúshlán 12



ciorcail chomhlárnacha



ciorcail éalárnacha.

Bíonn an lárphointe céanna ag ciorcail chomhlárnacha ach ní bhíonn ag ciorcail éalárnacha.

**Cá mhéad sampla de gach ceann is féidir leat a fháil?
Cruthaigh colláis de do shamplaí.**

Faighítear anseo roinnt samplaí a d’fhéadfadh cabhrú leat leis an dúshlán seo.





Dúshlán Teicneolaíocht Adhmaid

Dúshlán 11



Tá an chuid is mó de na crainn faoi lán duille anois agus tá an samhradh ar an mbealach. Úsáid an ceamara ar d'fhón póca chun pictiúir a thógáil de na duilleoga ar na crainn i do ghairdín nó ar do shráid.

Úsáid na naisc thíos chun cabhrú leat na crainn a aithint.

Sceitseáil cuid de na duilleoga agus tabhair faoi deara rud atá foghlamtha agat faoin gcineál crainn nó adhmaid a tháirgeann sé.

Naisc a d'fhéadfadh cabhrú chun an dúshlán seo a shárú:

Breathnaigh an leathanach gréasáin seo ó lontaobhas na gCoillte agus na treoirbhileoga aithint crann inphriontála. Cliceáil anseo don [nasc](#).

Bain triail as an [aip](#) seo chun crainn a aithint

Dúshlán 12



Tá roinnt bunuirlisí agus trealamh a ba chóir a bheith ag gach líon tí le haghaidh jabanna DFÉ nó éigeandálacha cothabhála.

Déan liosta de na rudaí a chuirfeá isteach i bhfoireann uirlisí DFÉ / éigeandáil bhaile.

Naisc a d'fhéadfadh cabhrú chun an dúshlán seo a shárú:

Breathnaigh na [suíomhanna idirlín](#) seo le cabhair a fháil ar na huirlisí / an trealamh le cur isteach

Múinteoirí Teicneolaíochta ...

Rinneadh na gníomhaíochtaí seo a dhearadh agus a thiomsú i gcomhair múinteoirí a chaithfeadh a bheith ag plé le cianteagasc. Níl i gceist leis na gníomhaíochtaí seo ach moltaí féideartha faoi na tascanna a d'fhéadfadh scoláirí a dhéanamh.

Is cóir gurb í an aithne a bhíonn ag múinteoirí ar a gcuid scoláirí féin a chuirfeadh bonn eolais faoina gcinneadh i dtaobh na ngníomhaíochtaí is fearr a d'fhóirfeadh dá scoláirí.

Ba mhian linn taispeántas a dhéanamh de fhreagraí na scoláirí ar na dúshlán gach Aoine ar ár leathanach giolcaireachta Jct4

Dá mba mhian leat freagraí do scoláirí a bheith le feiceáil, cuir íomhánna den obair s'acu chuig an seoladh r-phoist Jct4 seo a leanas: michael.lynch@jct.ie



Teicneolaíocht
Fheidhmeach



Innealtóireacht



Grafaic



Teicneolaíocht an
Adhmaid